ELEATHANACH 367

DÉ LUAIN, AN 23 SAMHAIN 2020

Gabhann an turtar buíochas le muintir na hÉireann!

Zú Bhaile Átha Cliath

Tá Zú Bhaile Átha Cliath dúnta don dara huair i mbliana, de bharr an Choróinvíris. Mar sin níl go leor airgid ag an Zú. Sheol an Zú feachtas - Save Dublin Zoo - chun airgead a bhailiú.

Tá muintir na hÉireann ag bailiú airgid don Zú. Bhí 1.7 milliún euro ag an Zú Dé hAoine seo caite. Cé mhéad airgid atá bailithe ag muintir na hÉireann don Zú anois?

Deir an Coimeádaí Sinsearach Brendan Walsh go gcosnaíonn an Zú €500,000 in aghaidh na míosa. Is breá leis na hainmhithe bia agus cosnaíonn sé a lán airgid an bia ceart a thabhairt dóibh gach lá.

Costas an bhia gach lá: panda dearg amháin: €25, leon amháin: €50, eilifint amháin: €75, srónbheannach amháin: €100

Tá a lán eolais ar an suíomh www.dublinzoo.ie faoin bhfeachtas agus faoi na hainmhithe éagsúla sa Zú!

Sacar

Bhí Éire agus an Bhulgáir ag imirt in aghaidh a chéile an tseachtain seo caite.

An scór ag an deireadh ná 0-0.

Ba chluiche leadránach é. Níor scóráil na buachaillí glasa cúl le tamall fada! Tá díomá orthu!

Little Mix

Bhí *Little Mix* ar an gclár 'The Jonathan Ross Show'. Labhair na cailíní faoin saol atá acu. Dúirt Perrie Edwards go raibh *Little Mix* faoi bhrú.

Thosaigh an grúpa ag canadh le chéile sa bhliain 2011. Bhuaigh siad an seó tallainne 'X Factor' sa bhliain 2011.

Bíonn siad an-ghnóthach. Ní fhaigheann siad go leor codlata. Ní bhíonn briseadh ceart acu nuair a bhíonn siad ag obair. Oibríonn siad go dian.

Mheas *Little Mix* go mbeadh an obair an-éasca. Is breá leo na héadaí a chaitheann siad agus an smideadh, ach bíonn laethanta fada acu.

Dúirt Jade Thirlwall go gcaitheann siad go leor ama lena dteaghlaigh nuair a bhíonn siad sa bhaile. Cabhraíonn na cailíní lena chéile. Tugann siad tacaíocht dá chéile. Tá amhrán nua acu anois. *Sweet Melody* is ainm don amhrán seo.

Oilscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Oilscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta